Primary Professional Development Service

## Scileanna Matamaitice – Raon Forbartha

Cuireann an Curaclam Bunscoile síos ar na scileanna ar cheart do leanaí a fháil de réir mar a fhorbraíonn siad ó thaobh na matamaitice de. I measc na scileanna seo tá:

- Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna
- Cumarsáid agus cur in iúl
- Imeascadh agus ceangail
- Réasúnú
- Feidhmiú
- Tuiscint agus cuimhneamh

**Scil: Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna**

| Naíonáin | Rang 1 agus 2 | Rang 3 agus 4 | Rang 5 agus 6 |
|---|---|---|---|
| roghnaigh ábhair agus próisis oiriúnacha do thascanna matamaitice<br><br>roghnaigh, agus cuir i bhfeidhm, straitéisí oiriúnacha chun tasc a chur i gcrích nó chun fadhb a réiteach<br><br>aithin réitigh ar fhadhbanna | roghnaigh ábhair agus próisis oiriúnacha do thascanna matamaitice agus d'fheidhmeanna<br><br>roghnaigh, agus cuir i bhfeidhm, straitéisí oiriúnacha chun tasc a chur i gcrích nó chun fadhb a réiteach<br><br>aithin réitigh ar fhadhbanna<br><br>cuir coincheapa agus próisis i bhfeidhm i gcomhthéacsanna éagsúla | roghnaigh ábhair, coincheapa agus próisis oiriúnacha do thascanna matamaitice agus d'fheidhmeanna<br><br>roghnaigh, agus cuir i bhfeidhm, straitéisí éagsúla chun tascanna agus tionscadail a chur i gcrích nó chun fadhbanna a réiteach<br><br>déan luacháil ar réitigh ar fhadhbanna<br><br>cuir coincheapa agus próisis i bhfeidhm i gcomhthéacsanna éagsúla<br><br>déan anailís ar fhadhbanna agus pleanáil cur chuige chun iad a réiteach | roghnaigh ábhair, coincheapa agus próisis oiriúnacha do thascanna agus feidhmeanna áirithe<br><br>roghnaigh, agus cuir i bhfeidhm, straitéisí éagsúla chun tascanna agus tionscadail a chur i gcrích nó chun fadhbanna a réiteach<br><br>déan machnamh agus luacháil ar réitigh ar fhadhbanna<br><br>cuir coincheapa agus próisis i bhfeidhm i gcomhthéacsanna éagsúla<br><br>déan anailís ar fhadhbanna agus pleanáil |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | cur chuige chun iad a réiteach |

**Scil: Cumarsáid agus cur in iúl**

| Naíonáin | Rang 1 agus 2 | Rang 3 agus 4 | Rang 5 agus 6 |
|---|---|---|---|
| pléigh agus mínigh gníomhaíochtaí matamaitice | pléigh agus mínigh gníomhaíochtaí matamaitice | pléigh agus mínigh na próisis a úsáidtear agus torthaí gníomhaíochtaí, fadhbanna agus tionscadail mhatamaitice | pléigh agus mínigh na próisis a úsáidtear agus torthaí gníomhaíochtaí, fadhbanna agus tionscadail mhatamaitice ar bhealach eagraithe |
| | éist le cur síos agus míniúcháin matamaitice leanaí eile agus pléigh iad | éist le cur síos agus míniúcháin matamaitice leanaí eile agus pléigh iad | éist le cur síos agus míniúcháin matamaitice leanaí eile agus pléigh iad |
| déan taifead ar thorthaí gníomhaíochtaí matamaitice go coincréiteach agus ag baint úsáide as léaráidí, pictiúir agus uimhreacha | pléigh agus déan taifead ar thorthaí gníomhaíochtaí matamaitice ag baint úsáide as léaráidí, pictiúir agus siombailí | pléigh agus déan taifead ar phróisis agus thorthaí oibre ag baint úsáide as modhanna éagsúla | pléigh agus déan taifead ar phróisis agus thorthaí oibre ag baint úsáide as modhanna éagsúla |
| pléigh fadhbanna a chuirtear i láthair go coincréiteach, i bpictiúir nó ó bhéal | pléigh fadhbanna a chuirtear i láthair i bpictiúir nó ó bhéal | pléigh fadhbanna a chuirtear i láthair ó bhéal nó trí léaráidí agus déan anailís orthu | pléigh fadhbanna agus déan anailísí |

**Scil: Imeascadh agus ceangail**

| Naíonáin | Rang 1 agus 2 | Rang 3 agus 4 | Rang 5 agus 6 |
|---|---|---|---|
| ceangail smaointe matamaitice a fhaightear go neamhfhoirmiúil le smaointe matamaitice foirmiúla<br><br>aithin matamaitic sa timpeallacht<br><br>aithin an caidreamh idir modhanna ó bhéal,  nithiúla, pictiúir agus siombailí chun uimhreacha a léiriú<br><br>déan gníomhaíochtaí matamaitice lena mbíonn réimsí eile den churaclam i gceist | ceangail smaointe matamaitice a fhaightear go neamhfhoirmiúil le smaointe matamaitice foirmiúla<br><br>aithin matamaitic sa timpeallacht<br><br>aithin an caidreamh idir modhanna ó bhéal,  nithiúla, pictiúir agus siombailí chun uimhreacha a léiriú<br><br>déan gníomhaíochtaí matamaitice lena mbíonn réimsí eile den churaclam i gceist<br><br>tuig na smaointe matamaitice atá mar bhonn ag na gnáthaimh a úsáideann sé/sí | ceangail smaointe agus próisis mhatamaitice a fhaightear go neamhfhoirmiúil le smaointe agus próisis matamaitice foirmiúla<br><br>aithin matamaitic sa timpeallacht<br><br>léirigh smaointe agus próisis mhatamaitice ar mhodhanna difriúla:  ó bhéal, trí phictiúir, trí léaráidí, agus le siombailí<br><br>aithin, agus cuir i bhfeidhm, smaointe agus próisis mhatamaitice i réimsí eile den churaclam<br><br>tuig na ceangail idir gnáthaimh matamaitice agus a na coincheapa a úsáideann sé/sí | ceangail smaointe agus próisis mhatamaitice a fhaightear go neamhfhoirmiúil le smaointe agus próisis matamaitice foirmiúla<br><br>aithin matamaitic sa timpeallacht<br><br>léirigh smaointe agus próisis mhatamaitice ar mhodhanna difriúla:  ó bhéal, trí phictiúir, trí léaráidí, agus le siombail<br><br>aithin, agus cuir i bhfeidhm, smaointe agus próisis mhatamaitice i réimsí eile den churaclam<br><br>tuig na ceangail idir gnáthaimh mhatamaitice agus a na coincheapa a úsáideann sé/sí |

Primary Professional Development Service

**Scil: Réasúnú**

| Naíonáin | Rang 1 agus 2 | Rang 3 agus 4 | Rang 5 agus 6 |
|---|---|---|---|
| déan rudaí a rangú i gcatagóirí loighciúla | déan rudaí a rangú i gcatagóirí loighciúla | | |
| | tabhair tuairimí agus déan turgnaimh chun iad a thástáil | déan hipitéisí agus déan turgnaimh chun iad a thástáil | déan hipitéisí agus déan turgnaimh chun iad a thástáil |
| aithin agus cruthaigh patrúin chéadfacha | aithin agus cruthaigh patrúin agus caidrimh mhatamaitice | déan patrúin agus caidrimh mhatamaitice a iniúchadh | déan patrúin agus caidrimh mhatamaitice a chuardach agus a iniúchadh |
| fírinnigh próisis nó torthaí gníomhaíochtaí | fírinnigh próisis agus torthaí gníomhaíochtaí matamaitice | fírinnigh próisis agus torthaí gníomhaíochtaí, fadhbanna agus tionscadail mhatamaitice | fírinnigh próisis agus torthaí gníomhaíochtaí, fadhbanna agus tionscadail mhatamaitice |
| | | déan asbheirthí neamhfhoirmiúla le líon beag céimeanna i gceist | déan asbheirthí neamhfhoirmiúla |
| | | réasúnaigh go rianúil i gcomhthéacs matamaitice | réasúnaigh go rianúil i gcomhthéacs matamaitice |

**Scil: Feidhmiú**

| Naíonáin | Rang 1 agus 2 | Rang 3 agus 4 | Rang 5 agus 6 |
|---|---|---|---|
| cum agus bain úsáid as straitéisí agus gnáthaimh mheabhracha chun tascanna matamaitice a chur i gcrích<br><br>bain úsáid as láimhseoga cuí chun tascanna agus gnáthaimh mhatamaitice a chur i gcrích | cum agus bain úsáid as straitéisí agus gnáthaimh mheabhracha chun tascanna matamaitice a chur i gcrích<br><br>bain úsáid as láimhseoga cuí chun tascanna agus gnáthaimh mhatamaitice a chur i gcrích<br><br>cuir gnáthaimh i gcrích go héifeachtach | cum agus bain úsáid as straitéisí agus gnáthaimh mheabhracha chun tascanna matamaitice a chur i gcrích<br><br>bain úsáid as láimhseoga cuí chun gnáthaimh mhatamaitice a chur i gcrích<br><br>cuir gnáth-ghnáthaimh i gcrích go héifeachtach le huirlisí éagsúla | cum agus bain úsáid as straitéisí agus gnáthaimh mheabhracha chun tascanna matamaitice a chur i gcrích<br><br>bain úsáid as láimhseoga cuí chun gnáthaimh mhatamaitice a chur i gcrích<br><br>cuir gnáth-ghnáthaimh i gcrích go héifeachtach le huirlisí éagsúla |

**Scil: Tuiscint agus cuimhneamh**

| Naíonáin | Rang 1 agus 2 | Rang 3 agus 4 | Rang 5 agus 6 |
|---|---|---|---|
| athchuimhnigh agus tuig téarmaíocht | athchuimhnigh agus tuig téarmaíocht agus fíricí | athchuimhnigh agus tuig téarmaíocht, fíricí agus sainmhínithe | athchuimhnigh agus tuig fíricí, sainmhínithe agus foirmlí |